Beartas Príobháideachais

Anseo in Dingle Lit Company, geallaimid go gcosnóimid príobháideachas ár gcustaiméirí, ár n-oibrithe deonacha, ár mbaill agus iad siúd a thacaíonn linn. Cuirtear síos sa bheartas príobháideachais ar an mbealach a n-úsáidimid d'fhaisnéis phearsanta. D'fhéadfadh sé go n-athródh an beartas corruair, agus mar sin, moltar duit an ráiteas seo a sheiceáil ó am go chéile.

Cén fhaisnéis a mbailíonn Dingle Lit Company í?

Bailímid faisnéis phearsanta uait tríd an gcumarsáid a dhéanann tú le Dingle Lit Company. Áirítear leis sin: nuair a chruthaíonn tú cuntas ar ár láithreán gréasáin nó ar an nguthán agus ticéid chuig imeachtaí á gceannach agat, nuair a chláraíonn tú trínár láithreán gréasáin, agus nuair a líonann tú foirmeacha amach amhail cur isteach ar chomórtas, ballraíocht, measúnú custaiméara nó eile, chomh maith le aon ríomhphoist a sheolann tú chugainn.

Cad a dhéanann Dingle Lit Company le d'fhaisnéis phearsanta?

Úsáidimid an fhaisnéis phearsanta a thugann tú dúinn chun d'fhiosruithe a fhreagairt agus chun an t-eolas a d'iarr tú orainn a chur ar fáil duit. Ina theannta sin, bainimid leas as an bhfaisnéis seo chun ár rannpháirtithe agus freastal ár lucht féachana a thuiscint níos fearr ionas go mbeidh a fhios againn cé na gníomhaíochtaí agus cé na himeachtaí is fearr le custaiméirí le go mbeimis in ann leanúint den fhás.

D'fhéadfadh sé go n-úsáidfimis d'fhaisnéis phearsanta chun tú a choinneáil ar an eolas maidir le himeachtaí agus gníomhaíochtaí Dingle Lit Company, agus d'fhéadfaimis dul i dteagmháil leat anois is arís fúthu sin. Má tá cead tugtha agat dúinn déanamh amhlaidh, d'fhéadfadh sé go n-úsáidfimis d'fhaisnéis chun sonraí a chur chugat tríd an bpost nó tríd an ríomhphost. Faoi réir cead a bheith faighte uaitse chuige sin, ní dhéanfaimid teagmháil leat choíche ar an nguthán ach amháin má tá ceist againn faoi áirithint nó faoi rud éigin atá seolta agat chugainn.

Lena chois sin, bainimid úsáid as d'fhaisnéis chun aon idirbhearta a dhéanann tú linn a phróiseáil, agus chun críche riarachán agus anailís inmheánach.

Príobháideachas leanaí agus daoine óga

Is mór an spéis atá ag go leor leor leanaí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí Dingle Lit Company. Is tábhachtaí linn príobháideachas leanaí agus daoine óga. Roimh dóibh fiosrú ar líne d'aon saghas a dhéanamh, ba chóir do leanaí nó daoine óga faoi 14 bhliain d'aois cead a fháil chuige sin ó thuismitheoir, caomhnóir nó múinteoir.

Cé leis a roinnimid faisnéis?

Aon fhaisnéis atá stóráilte againn fút, ní roinnfimid le haon tríú páirtí í.

An dlí a chomhlíonadh

Déanfaimid faisnéis phearsanta a scaoileadh áit ar gá dúinn déanamh amhlaidh de réir dlí nó de réir na rialachán agus rialacha eile (lena n-áirítear riachtanais maidir le hiniúchadh) a bhfuilimid faoina réir. D'fhéadfadh sé freisin go ndéanfaimis faisnéis a mhalartú le cuideachtaí agus eagraíochtaí eile chun críche cosaint ar chalaois agus an riosca creidmheasa a laghdú.

Do chearta

Tá de cheart agat cóip a iarraidh orainn den fhaisnéis a bhaineann leatsa atá inár seilbh inár dtaifid. Tá de cheart agat freisin a éileamh orainn aon eolas míchruinn i d'fhaisnéis a chur ina cheart.

Úsáid grianghraf

Déanaimid grianghrafadóir a choimisiúnú chun grianghraif a ghlacadh de dhaoine ag gach imeacht agus gníomhaíocht a eagraíonn Dingle Lit Company. Cuid de na híomhánna sin, úsáidtear iad ar ár láithreán gréasáin agus inár n-ábhar clóite chun gníomhaíochtaí Dingle Lit Company a chur chun cinn. Cuirimid na bearta cuí go léir i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil cead faighte againn ó na daoine sna grianghraif (nó ó thuismitheoir/chúramóir) an íomhá/na híomhánna a úsáid chun críche bolscaireachta, tráth a nglactar an grianghraf. Má mheasann tú go bhfuil grianghraf ann nár chóir a úsáid ar aon chúis bhailí, bí i dteagmháil linn agus bainfimid an grianghraf.

Toiliú´

Ní choinneoidh Dingle Lit Company d'fhaisnéis ach amháin má aontaíonn tú go gníomhach teachtaireachtaí cumarsáide a fháil go rialta. Má cheannaíonn tú ticéid d'imeacht ach níl tú tar éis aontú amhlaidh, coinneoimid d'fhaisnéis go dtí deireadh an imeachta, agus ní bheimid i dteagmháil leat ach amháin má bhíonn aon athruithe ann ar gá duit a bheith ar an eolas fúthu.

Trí aontú amhlaidh agus d'fhaisnéis phearsanta a chur ar ár súile dúinn, beidh tú ag toiliú go ndéanfaidh Dingle Lit Company d'fhaisnéis phearsanta a bhailiú, a stóráil agus a phróiseáil. Ní bheimid i dteagmháil leat ach amháin trí na modhanna a roghnaigh tú agus ar na bealaí atá leagtha amach sa Bheartas Príobháideachais seo. Is féidir leat do roghanna a nuashonrú aon uair ach ríomhphost a sheoladh chuig info@dinglelit.ie nó glaoch ar 085 867 8955

Más cúis imní duit an fhaisnéis atá inár seilbh fút, seol ríomhphost chugainn ag info@dinglelit.ie